**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 6 Iúil 2022 – OC v SEGS**

**(Cás T-681/20)** ([1])

***(Dliteanas – Státseirbhís – Foireann SEGS ar phostú i dtríú tír – Tuairisciú neamhrialtachtaí – Tuarascáil chigireachta – Aistriú – Gníomhartha a dhéanann dochar d'oifigeach – Iompar nach bhfuil cinneadh i gceist leis – Ceanglais an nós imeachta réamhdhlíthíochta a chomhlíonadh – Cosaint sceithirí – Airteagal 22a de na Rialacháin Foirne – Dualgas cúraim – Airteagail 7 agus 8 den Chairt um Chearta Bunúsacha – Meas ar an saol príobháideach – Cosaint sonraí pearsanta)***

(2022/C 340/42)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* OC (ionadaithe: L. Levi agus A. Champetier, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* An tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (ionadaithe: S. Marquardt agus R. Spáč, i gcáil Gníomhairí)

**Maidir le:**

Lena caingean de bhun Airteagal 270 CFAE, iarrann an t-iarratasóir cúiteamh i leith damáiste líomhnaithe a bhain di mar thoradh ar ghníomhartha agus iompar na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS).

**An chuid oibríochtúil**

1) Ordaítear don tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) suim EUR 10 000 a íoc le OC i leith damáiste neamhábhartha a fulaingíodh;

2) Diúltaítear don chuid eile den chaingean.

3) Ordaítear do SEGS a chostais féin agus leath na gcostas arna dtabhú ag OC a íoc.

([1]) IO C 19, 18.1.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 6 Iúil 2022 – VI v an Coimisiún**

**(Cás T-20/21)** ([1])

***(Seirbhís shibhialta – Oifigigh – Earcaíocht – Comórtas ginearálta EPSO/AD/363/18 – Neamhchlárú ar an liosta ionadaithe – Cóir chomhionann – Cobhsaíocht chomhdhéanamh an ghiúiré)***

(2022/C 340/43)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* VI (ionadaithe: D. Rovetta agus V. Villante, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* an Coimisiún Eorpach (ionadaithe: T. Lilamand, D. Milanowska agus A.-C. Simon, i gcáil Gníomhairí)

**Ábhar**

Trína chaingean atá bunaithe ar Airteagal 270 CFAE, iarrann an t-iarratasóir, ar an gcéad dul síos, go gcuirfí ar neamhní, sa chéad áit, cinneadh arna dhéanamh ag giúiré an chomórtais EPSO/AD/363/18 gan é a chur ar liosta ionadaithe an chomórtais sin, sa dara háit, cinneadh den ghiúiré céanna diúltú d'iarratas an iarratasóra athbhreithniú a dhéanamh ar an gcinneadh tosaigh, sa tríú háit, cinneadh de chuid an Choimisiúin an 20 Lúnasa 2019 ag diúltú dá ghearán, sa cheathrú háit, fógra comórtais EPSO/AD/363/18 an 11 Deireadh Fómhair 2018 a eagraíodh chun dhá liosta ionadaithe a dhéanamh as a n-earcódh an Coimisiún riarthóirí (AD 7) i réimsí custaim agus cánachais agus, sa chúigiú háit, liosta ionadaithe an chomórtais sin, agus ar an dara dul síos, iarrann sé cúiteamh as an damáiste a líomhnaítear.

**An chuid oibríochtúil**

1) Cuirtear cinneadh ghiúiré an chomórtais ghinearálta EPSO/AD/363/18 an 27 Feabhra 2020, a glacadh tar éis athbhreithniú, gan ainm VI a chur ar liosta ionadaithe an chomórtais sin, ar neamhní.

2) Diúltaítear don chuid eile den chaingean.

3) Ordaítear don Choimisiún Eorpach na costais a íoc.

---

(1) IO C 128, 12.4.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 6 Iúil 2022 – Colombani v SEGS**

**(Cás T-129/21)** (1)

***(“Seirbhís shibhialta – Oifigigh – Foireann SEGS – Post mar cheann thoscaireacht an Aontais go Ceanada – Post mar stiúrthóir le haghaidh na hAfraice Tuaidh agus an Mheánoirthir- – Diúltú d’iarratas ar phost”)***

(2022/C 340/44)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Jean-Marc Colombani (Auderghem, an Bheilg) (ionadaí: N. de Montigny, Dlíodóir)

*Cosantóir:* An tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (ionadaithe: S. Marquardt agus R. Spáč, Gníomhairí, le cúnamh ó M. Troncoso Ferrer agus F.-M. Hislaire, Dlíodóirí)

**Ábhar**

Lena chaingean atá bunaithe ar Airteagal 270 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfear ar neamhní cinneadh an 17 Aibreán 2020 lenar dhiúltaigh an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) dá iarratas ar an bpost mar stiúrthóir le haghaidh na hAfraice Tuaidh agus an Mheánoirthir (fógra folúntais 2020/48) agus cinneadh an 6 Iúil 2020 lenar dhiúltaigh SEGS dá iarratas ar an bpost mar cheann thoscaireacht an Aontais Eorpaigh chuig Ceanada (fógra folúntais 2020/134).

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear don chaingean.

2) Ordaítear do Jean-Marc Colombani na costais a íoc.

---

(1) IO C 182, 10.5.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 6 Iúil 2022 – Zdút v EUIPO – Nehera agus páirtithe eile (nehera)**

**(Cás T-250/21)** (1)

***[Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí neamhbhailíochta – Marc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh NEHERA – Dearbhfhorais neamhbhailíochta – Easpa de mheon mímhacánta – Airteagal 52(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 207/2009 (Airteagal 59(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 anois)]***

(2022/C 340/45)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Ladislav Zdút (an Bhratasláiv, an tSlóvaic) (ionadaí: Y. Echevarría García, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaí: D. Gája, i gcáil Gníomhaire)